
# Bileog Fairtheora- Feabhra




Is féidir teacht ar ghlóthach froig i lochanna, locháin, díoga agus fiú slodáin! Bí ar d'aire an mhí seo! Ná bog iad agus ná déan teagmháil leo!



Tá an crann troim ar cheann de na crainn is luaithe a thagann duilleoga úrnua orthu san Earrach.




Bíonn na bumbóga le feiceáil ar leathanta grianmhara. Téann cráinbheacha ar thóir ar áit nua le coirceog a thógáil.



Tosaíonn na caisearbháin ag fás in áiteanna féarmhara. Is foinse thábhachtach bia iad do bheacha.





Tá na cróch ag fás i bpáirceanna agus i ngairdíní. Faightear iad i ndathanna éagsúla.




Tá an lon dubh ar cheann de na héin is luaithe a chuireann tús lena neadacha a thógáil. Bí ag faire amach do bhaineannaigh (dath donn) ag bailiú ábhar neadacha.